2024/1514

31.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1514 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Lúnasa 2015

maidir le Coistí Eolaíocha a bhunú i réimse na sláinte poiblí, na sábháilteachta tomhaltóirí agus an chomhshaoil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2008/721/CE ón gCoimisiún ([1]), bunaíodh struchtúr comhairleach maidir le measúnú riosca eolaíoch i réimse na sábháilteachta tomhaltóirí, na sláinte poiblí agus an chomhshaoil, measúnú a chuimsigh an Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST), an Coiste Eolaíoch um Chineálacha Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil (CECRSC), an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta atá ag teacht chun cinn (CERSNATCC) agus an Díorma Comhairleoirí.

(2) Léiríonn an taithí an gá le modhnuithe agus feabhsuithe a thabhairt isteach i struchtúr agus nósanna imeachta oibre na gCoistí Eolaíocha atá ann faoi láthair. Go háirithe, chun éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht a bhaint amach, agus chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint, ba cheart CECRSC agus CERSNATCC a chumasc.

(3) Ba cheart cead a thabhairt do na Coistí Eolaíocha a iarraidh ar shaineolaithe seachtracha a bhfuil an t-eolas eolaíoch agus an saineolas ábhartha acu cur lena gcuid oibre. Mar iarmhairt ar an rogha sin, ní bheidh gá a thuilleadh leis an Díorma Comhairleoirí Eolaíocha maidir le Measúnú Riosca atá ann faoi láthair.

(4) Thairis sin, léiríonn an taithí gur cheart ionadaithe sa chomhaltas a dhéanamh ó liosta ionadaithe a tarraingíodh suas chun na críche sin chun leanúnachas chomhaltas na gCoistí a áirithiú.

(5) Tá an dara meastóireacht inmheánach ar fheidhmiú na gCoistí Eolaíocha le déanamh in 2015 agus tá coinne leis go mbeidh na torthaí ann faoi thús 2016. Mar obair leantach air sin, d'fhéadfaí tabhairt faoi atheagrú breise ar na Coistí Eolaíocha.

(6) Cuireann obair na gCoistí go héifeachtach le feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí, agus le saoránaigh agus an comhshaol a chosaint. Baintear an méid sin amach trí mheastóireacht a dhéanamh ar na sonraí eolaíocha is déanaí atá ar fáil chun measúnú riosca fianaise-bhunaithe fónta agus tráthúil agus comhairle eolaíoch a sholáthar don Choimisiún maidir le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar bheartais an Aontais agus reachtaíocht a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, sábháilteacht tomhaltóirí agus rioscaí comhshaoil. Tá na gníomhaíochtaí a dhéanann na Coistí fíor-riachtanach chun go mbeidh an Coimisiún in ann cuspóirí beartais ábhartha an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, is iomchuí tacaíocht airgeadais leordhóthanach a sholáthar do na Coistí Eolaíocha, i bhfoirm liúntais speisialta dá gcomhaltaí agus saineolaithe seachtracha, lasmuigh d'aisíocaíocht costas. Ba cheart maoiniú ghníomhaíochtaí na gCoistí Eolaíocha a theacht as an líne bhuiséid ábhartha atá tiomnaithe do thacú le tionscnaimh i réimse na sláinte poiblí, na sábháilteachta tomhaltóirí agus an chomhshaoil, de réir mar is ábhartha.

(7) Ba cheart obair na gCoistí Eolaíocha a bheith bunaithe ar phrionsabail an ardleibhéil saineolais, neamhspleáchais agus trédhearcachta. Ní mór é a bheith eagraithe i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le prionsabail an mheasúnaithe riosca atá neamhspleách ar bhainistiú riosca agus ar an gcinnteoireacht.

(8) Ba cheart comhaltaí na gCoistí a bheith ina saineolaithe ardcháilithe speisialaithe neamhspleácha a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail. Ba cheart iad a roghnú ar bhonn critéir oibiachtúla agus trí ghlao poiblí ar léiriú spéise agus ba cheart iad a cheapadh ar bhonn a n-inniúlachta pearsanta. Ba cheart réimsí inniúlachta na gCoistí a chumhdach go leordhóthanach le saineolas na gcomhaltaí, rud a léireodh éagsúlacht na bhfadhbanna eolaíocha agus na gcur chuige eolaíoch. An mhéid is féidir, ba cheart cothromaíocht tionscnaimh gheografaigh agus cothromaíocht inscne a bhaint amach.

([1]) Cinneadh Uimh. 2008/721/CE ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear struchtúr comhairleach de Choistí Eolaíocha agus saineolaithe i réimse na sábháilteachta tomhaltóirí, na sláinte poiblí agus an chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/210/CE (IO L 241, 10.9.2008, lch. 21).

(9) Le heagar na Coistí Eolaíocha ba cheart solúbthacht a bheith ann chun a chur ar a gcumas dóibh comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le hábhair a thagann faoi na réimsí inniúlachta mar aon le hábhair maidir le rioscaí sláinte atá ag teacht chun cinn agus atá nua-aitheanta nach dtagann faoi inniúlacht comhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus chun comhairle thapa a sholáthar nuair is gá.

(10) Bunaíodh comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais atá freagrach as measúnú riosca i réimsí éagsúla, i measc cúraimí eile. Is gá comhsheasmhacht an mheasúnaithe riosca a dhéanamh ag na comhlachtaí sin de chuid an Aontais sin a áirithiú agus comhordú idir na Coistí Eolaíocha agus na comhlachtaí eile sin a chur chun cinn. Ní mór do na Coistí Eolaíocha a n-éifeachtacht a threisiú freisin trí mhalartuithe iomchuí faisnéise agus saineolais agus trí chomhar le comhlachtaí agus eagraíochtaí eolaíocha eile ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

(11) Agus a neamhspleáchas iomlán á chaomhnú acu, tá sé tábhachtach oscailteacht agus trédhearcacht obair na gCoistí Eolaíocha a áirithiú trí nósanna imeachta iomchuí idirphlé le páirtithe leasmhara a bhunú. Ba cheart an oscailteacht agus an trédhearcacht atá á lorg maidir le cur chur chun feidhme an Chinnidh seo a áirithiú agus lánurraim á tabhairt do na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le rochtain an phobail ar dhoiciméid, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht tráchtála.

(12) Ba cheart sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(13) Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht agus réasúntacht, ba cheart Cinneadh 2008/721/CE a aisghairm agus ba cheart Cinneadh nua a chur ina ionad.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Caibidil I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Na Coistí Eolaíocha

Bunaítear na Coistí Eolaíocha seo a leanas:

(a) an Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (dá ngairtear CEST anseo feasta); agus

(b) an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (dá ngairtear CERSCRTCC anseo feasta).

Airteagal 2

Misean

(1) Is é an misean a bheidh ag na Coistí Eolaíocha comhairle eolaíoch agus measúnú riosca a sholáthar don Choimisiún i réimsí na sláinte poiblí, na sábháilteachta tomhaltóirí, rioscaí comhshaoil, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, na riachtanais taighde a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla san fhaisnéis, measúnú ar ghníomhaíochtaí taighde atá beartaithe amach anseo agus ar thorthaí taighde.

(2) Leagtar amach réimsí inniúlachta na gCoistí Eolaíocha in Iarscríbhinn I.

(3) Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar do na hinniúlachtaí a thugtar le gníomhartha an Aontais do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais a dhéanann measúnú riosca, go háirithe, ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus ar an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

Airteagal 3

Comhairle eolaíoch

(1) Soláthróidh na Coistí Eolaíocha tuairimí eolaíocha maidir le measúnú riosca don Choimisiún sna cásanna a leagtar síos le dlí an Aontais.

(2) Thairis sin, soláthróidh na Coistí Eolaíocha comhairle eolaíoch do sheirbhísí don Choimisiún maidir le ceisteanna atá ábhartha go háirithe don tsláinte phoiblí, do shábháilteacht tomhaltóirí agus do rioscaí comhshaoil, arna iarraidh sin dóibh.

(3) D'fhéadfadh seirbhísí an Choimisiún a iarraidh ar na Coistí Eolaíocha riachtanais taighde a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla san fhaisnéis, chun measúnú a dhéanamh ar thaighde atá beartaithe amach anseo agus chun rochtain a fháil ar thorthaí taighde i ndáil leis na réimsí ábhair a chumhdaítear lena réimsí inniúlachta féin.

(4) D'fhéadfadh seirbhísí an Choimisiún a iarraidh ar na Coistí comhairle riosca mhear a sholáthar maidir le staid an eolais eolaíoch i ndáil le rioscaí sonracha i gcás rioscaí práinneacha.

(5) D'fhéadfadh seirbhísí an Choimisiúin a iarraidh ar na Coistí Eolaíocha a bheith páirteach i líonraí nó imeachtaí téamacha in éineacht le comhlachtaí eile de chuid an Aontais nó le heagraíochtaí eolaíocha eile, chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an eolais eolaíoch sna réimsí inniúlachta a shainítear in Iarscríbhinn I agus chun cur léis an bhforbairt sin.

(6) Tarraingeoidh na Coistí Eolaíocha aird an Choimisiúin agus a sheirbhísí ar fhadhb shonrach nó ar fhadhb atá ag teacht chun cinn a thagann faoina réimsí inniúlachta, fadhb a mheasann siad a d'fhéadfadh a bheith ina riosca iarbhír nó féideartha do shábháilteacht tomhaltóirí, don tsláinte phoiblí nó don chomhshaol, trí mheabhráin nó ráitis maidir le seasaimh a ghlacadh agus a dhíriú ar sheirbhísí an Choimisiúin. Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh maidir leis na meabhráin agus na ráitis sin a fhoilsiú agus cinnfidh siad an ghníomhaíocht atá le déanamh, lena n-áirítear, más iomchuí, iarraidh ar thuairim eolaíoch ar an ábhar.

(7) Glacfaidh na Coistí a modheolaíocht chun measúnú riosca a dhéanamh agus a sholáthar agus coinneoidh siad faoi athbhreithniú í chun na tosca eolaíocha ábhartha uile a léiriú, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Rúnaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 14. Áiritheoidh siad go léireoidh an mhodheolaíocht an cleachtas atá ann faoi láthair maidir le measúnú riosca.

Caibidil 2

Comhdhéanamh na gCoistí Eolaíocha

Airteagal 4

Comhaltaí na gCoistí Eolaíocha a cheapadh

(1) Beidh 19 mball ar a uasmhéid ag CEST agus ag CERSCRTCC ar leithligh. Cinnfidh Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia an líon comhaltaí i ngach Coiste i gcomhréir leis na riachtanais is gá.

(2) Ceapfaidh Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia comhaltaí na gCoistí Eolaíocha ar bhonn an tsaineolais eolaíoch chruthaithe agus na taithí a léireoidh na hiarrthóirí sa réimse sainithe disciplíní, ag féachaint don ghá an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) cothromaíocht saineolais i réimse amháin nó níos mó de réimsí inniúlachta an Choiste ábhartha, chun an réimse disciplíní is mó is féidir atá ábhartha don Choiste sin a chumhdach chun a mhisean a bhaint amach agus chun éagsúlacht na bhfadhbanna agus na gcur chuige eolaíoch a léiriú;

(b) neamhspleáchas agus an easpa coinbhleachtí leasa;

(c) cothromaíocht ó thaobh tionscnamh geografach de;

(d) cothromaíocht inscne.

(3) Ceapfar comhaltaí na gCoistí Eolaíocha ó liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a bhunófar tar éis glao ar léiriú spéise a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin; soláthrófar freisin nasc ón gClár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna (dá ngairtear'an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe' anseo feasta) a ghabhann leis an suíomh gréasáin sin.

(4) Iarrthóirí oiriúnacha a áiríodh sa liosta dá dtagraítear i mír 3, ach nár ceapadh iad, áireofar ar liosta ionadaithe iad. Féadfar an liosta ionadaithe a úsáid chun iarrthóirí oiriúnacha a aimsiú le cur in ionad comhaltaí ar foirceannadh a gcomhaltas sa Choiste i gcomhréir le hAirteagal 5(2) nó de dheasca báis.

(5) Foilseofar an liosta de chomhaltaí na gCoistí Eolaíocha sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe agus féadfar é a chur ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin ábhartha an Choimisiúin.

Airteagal 5

Téarmaí oifige

(1) Ceapfar comhaltaí na gCoistí Eolaíocha ar feadh téarma 5 bliana. Beidh siad in oifig go dtí go gceapfar daoine ina n-ionad nó go ndéanfar a gceapachán a athnuachan.

(2) Nuair nach gcomhlíonann comhalta an coinníoll faoi Airteagail 16 go 18 den Chinneadh seo nó faoi Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thuilleadh, nuair is mian leis éirí as oifig nó nuair nach féidir leis cur go héifeachtach a thuilleadh le plé an Choiste, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin comhaltas an chomhalta sin a fhoirceannadh.

(3) Nuair a chuirtear deireadh le comhaltas comhalta i gcomhréir le mír 2 nó de dheasca báis, ceapfaidh Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Shláinte agus Sábháilteacht Bia ionadaí ar feadh a bhfuil fágtha den téarma 5 bliana.

Caibidil 3

Feidhmiú na gCoistí Eolaíocha

Airteagal 6

Toghadh na gCathaoirleach agus na Leas-Chathaoirleach

(1) Ag tús gach téarma, toghfaidh gach Coiste Eolaíoch Cathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach as measc a gcomhaltaí. Déanfar an toghchán trí thromlach simplí den líon iomlán comhaltaí den Choiste.

(2) 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, agus beifear in ann é a athnuachan. Aon duine a thiocfaidh in ionad an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh le linn an téarma 5 bliana sin, beidh sé ann ar feadh a bhfuil fágtha den téarma sin.

(3) Leagfar síos sna rialacha nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12 an nós imeachta um thoghadh Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirligh na gCoistí Eolaíocha.

Airteagal 7

Rialacha vótála

(1) Déanfaidh gach Coiste Eolaíoch cinneadh trí bhíthin tromlach de líon iomlán a chomhaltaí.

(2) Na comhaltaí sin de Choiste atá éirithe as a gcomhaltas nó ar foirceannadh a gcomhaltas i gcomhréir le hAirteagal 5(2) nó de dheasca báis, ní chuirfear san áireamh iad agus an tromlach dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.

Airteagal 8

Tuairimí eolaíocha a ullmhú

(1) Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin a cheangal go nglacfar tuairim eolaíoch ó Choiste Eolaíoch laistigh de thréimhse shonraithe.

(2) Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin a cheangal go nglacfar tuairim chomhpháirteach maidir le ceisteanna ar gá don dá Choiste iad a bhreithniú.

(3) Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin comhairliúcháin, éisteachtaí nó comhar a eagrú le comhlachtaí eolaíocha eile a mheasann sé a bheith riachtanach chun tuairimí na gCoistí a ullmhú.

Airteagal 9

Saineolaithe seachtracha

(1) Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin a iarraidh ar shaineolaithe seachtracha, mar aon le saineolaithe ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil eolas agus saineolas eolaíoch ábhartha acu, cur le hobair na gCoistí Eolaíocha, lena n-áirítear na meithleacha dá dtagraítear in Airteagal 10.

(2) Comhlíonfaidh roghnú na saineolaithe seachtracha na rialacha nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12.

Airteagal 10

Meithleacha

(1) I gcomhaontú le seirbhísí an Choimisiúin, féadfaidh na Coistí Eolaíocha meithleacha sonracha a chur ar bhun, arb é an cúram a bheidh orthu tuairimí eolaíocha na gCoistí a ullmhú agus a dhréachtú. Cuirfear na meithleacha sin ar bun go háirithe nuair a bheidh gá le saineolas seachtrach maidir le hábhar áirithe.

(2) Beidh comhaltaí den Choiste ábhartha sna meithleacha, agus féadfar saineolaithe seachtracha a áireamh iontu freisin. Déanfaidh comhalta den Choiste Eolaíoch cathaoirleach ar na meithleacha. Beidh cathaoirleach na meithle freagrach as an meitheal a thionól agus as tuairisciú don Choiste, agus féadfaidh sé rapóirtéir a cheapadh as measc na rannpháirtithe sa mheitheal. I gcás ceisteanna atá thar a bheith casta de chineál ildisciplíneach, féadfar níos mó ná rapóirtéir amháin a cheapadh.

(3) Nuair atá ceist i gcoiteann ag níos mó ná Coiste Eolaíoch amháin, cuirfear meitheal chomhpháirteach ar bun ina n-áirítear comhaltaí ón dá Choiste, mar aon le saineolaithe seachtracha, de réir mar is gá.

Airteagal 11

Rannpháirtíocht na n-oiliúnaithe

I gcomhaontú le seirbhísí an Choimisiúin agus i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12, féadfaidh na Coistí Eolaíocha oiliúnaithe a ligean isteach chun freastal ar a gcruinnithe d'fhonn a bheith ag cur le fothú acmhainneachta i réimse an mheasúnaithe riosca.

Airteagal 12

Rialacha nósanna imeachta

(1) Ar thogra ó sheirbhísí an Choimisiúin agus i gcomhaontú leo, glacfaidh na Coistí Eolaíocha rialacha comhchoiteanna nósanna imeachta.

(2) Áiritheofar leis na rialacha nósanna imeachta go ndéanfaidh na Coistí Eolaíocha a gcúraimí i gcomhréir le prionsabail na sármhaitheasa, an neamhspleáchais agus na trédhearcachta a leagtar síos i gCaibidil 4 agus le rialacha an Choimisiúin maidir le grúpaí saineolaithe, agus iad ag féachaint d'iarrataí dlisteanacha ar rúndacht tráchtála chomh maith leis na prionsabail um measúnú riosca an tráth céanna, prionsabail a fhéadfaidh seirbhísí an Choimisiúin a bhunú i bhfianaise na taithí agus i bhfianaise a bheartais sa réimse sin.

(3) Forálfar maidir leis an méid seo a leanas leis na rialacha nós imeachta, go háirithe:

(a) na prionsabail a leagtar síos i gCaibidil 4 a chur i bhfeidhm;

(b) nós imeachta idirphlé leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 14(3);

(c) nósanna imeachta maidir le tuairim eolaíoch a ghlacadh agus maidir le comhairle eolaíoch thapa a sholáthar mar a thagraítear dó in Airteagal 3(4);

(d) caidreamh le tríú páirtithe lena n-áirítear comhlachtaí eolaíocha;

(e) rialacha mionsonraithe eile maidir le feidhmiú na gCoistí Eolaíocha, lena n-áirítear comhordú idir na Coistí.

Airteagal 13

Tuairimí éagsúla, comhordú agus comhar le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, comhlachtaí eile náisiúnta nó comhlachtaí eile idirnáisiúnta

(1) Maidir leis an gcaidreamh le comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, comhlachtaí eile náisiúnta nó comhlachtaí eile idirnáisiúnta a dhéanann cúraimí comhchosúla, tabharfaidh na Coistí Eolaíocha cúnamh do sheirbhísí an Choimisiúin sna réimsí seo a leanas:

(a) riachtanais agus féidearthachtaí a shainaithint ag céim luath chun obair agus comhar a chomhordú, lena n-áirítear sonraí agus faisnéis a chomhroinnt, agus éagsúlachtaí féideartha nó iarbhír i dtuairimí eolaíocha;

(b) tuairimí éagsúla a sheachaint, a réiteach nó a shoiléiriú agus caidrimh chomhair a bhunú agus a chothabháil.

(2) Is féidir le seirbhísí an Choimisiúin obair chomhpháirteach, lena n-áirítear tuairimí comhpháirteacha, a iarraidh agus a eagrú i gcomhar le comhlachtaí de chuid an Aontais, comhlachtaí náisiúnta nó comhlachtaí idirnáisiúnta a dhéanann cúraimí comhchosúla.

(3) I gcás ina n-aithneofar éagsúlacht shubstainteach maidir le saincheisteanna eolaíocha agus inar comhlacht de chuid an Aontais an comhlacht i gceist, déanfaidh an Coiste Eolaíoch lena mbaineann, arna iarraidh sin do sheirbhísí an Choimisiúin, oibriú i gcomhar leis an gcomhlacht lena mbaineann d'fhonn an éagsúlacht a réiteach nó d'fhonn doiciméad comhpháirteach a chur i láthair do sheirbhísí an Choimisiúin ina ndéantar na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha a shoiléiriú agus na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí a shainaithint. Poibleofar an doiciméad sin.

Airteagal 14

Rúnaíocht na gCoistí Eolaíocha

(1) Soláthróidh an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia rúnaíocht do na Coistí Eolaíocha agus a meithleacha mar aon le rúnaíocht do na gníomhaíochtaí eile ar fad a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(2) Beidh an rúnaíocht freagrach as an tacaíocht eolaíoch agus riaracháin is gá a sholáthar chun feidhmiú éifeachtúil na gCoistí Eolaíocha a éascú, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha nós imeachta agus trédhearcacht, go háirithe i ndáil leis na ceanglais maidir le sármhaitheas, neamhspleáchas agus trédhearcacht, chun cumarsáid maidir le gníomhaíochtaí na gCoistí agus plé iomchuí le páirtithe leasmhara a áirithiú, lena n-áirítear go háirithe éisteachtaí a eagrú maidir le gníomhaíochtaí na gCoistí, agus na tuairimí agus doiciméid phoiblí eile a fhoilsiú. Thairis sin, tabharfaidh an rúnaíocht tacaíocht do na Coistí agus eagróidh sí rialú cáilíochta na dtuairimí agus cuirfidh sí i bhfeidhm é, mar a fhoráiltear sna rialacha nós imeachta, a mhéid a bhaineann le hiomláine, comhsheasmhacht, soiléireacht, comhfhreagras le hiarrataí agus le caighdeáin eagarthóireachta.

(3) Áiritheoidh an rúnaíocht go ndéanfar comhordú teicniúil ar ghníomhaíochtaí na gCoistí Eolaíocha agus, i gcás inar gá, comhordú tráthúil a ngníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí comhlachtaí eile de chuid an Aontais, comhlachtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhsheasmhacht an mheasúnaithe riosca a dhéantar ar ábhair leasa choitinn a áirithiú, mar aon le nós imeachta idirphlé na bpáirtithe leasmhara arna bhunú sna rialacha nós imeachta agus sa chumarsáid maidir le gníomhaíochtaí na gCoistí.

Airteagal 15

Liúntas speisialta

(1) Beidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha i dteideal liúntas speisialta as a gcuid oibre ullmhúcháin agus as a gcuid rannpháirtíochta, i láthair go pearsanta nó ó chian trí mheán leictreonach, i gcruinnithe na gCoistí, na meithleacha nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo agus atá eagraithe ag seirbhísí an Choimisiúin, agus as bheith ag feidhmiú mar rapóirtéir ar cheist shonrach, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II.

(2) Costais taistil agus, i gcás inarb iomchuí, costais chothaithe comhaltaí agus na saineolaithe seachtracha i ndáil le gníomhaíochtaí na gCoistí Eolaíocha, déanfar iad a aisíoc i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm sa Choimisiún. Déanfar na costais sin a aisíoc laistigh de theorainneacha an bhuiséid bhliantúil arna leithdháileadh ar na Coistí Eolaíocha ag seirbhísí freagracha an Choimisiúin.

Caibidil 4

Prionsabail

Airteagal 16

Neamhspleáchas

(1) Ainmneofar comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus na saineolaithe seachtracha i gcáil phearsanta. Ní dhéanfaidh siad a bhfreagrachtaí a tharmligean chuig aon duine eile.

(2) Gníomhóidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus na saineolaithe seachtracha ar bhealach neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, déanfaidh siad dearbhú leasanna ina léireofar aon leas a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol nó a d'fhéadfaí a mheas le réasún go gcuireann sé a neamhspleáchas i mbaol, lena n-áirítear aon imthosca ábhartha a bhaineann lena ndlúthbhaill teaghlaigh.

(3) Déanfar dearbhuithe leasanna i scríbhinn, sula gceapfar duine mar chomhalta den Choiste Eolaíocha nó mar shaineolaí seachtrach, agus ar bhonn bliantúil. Tabharfar na dearbhuithe sin cothrom le dáta aon uair is gá sin a dhéanamh mar gheall ar athrú ar chúinsí.

(4) Dearbhóidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha ag gach cruinniú aon leas sonrach a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol nó a d'fhéadfaí a mheas le réasún go gcuireann sé a neamhspleáchas i mbaol i ndáil leis na míreanna ar an gclár. Beidh feidhm ag an oibleagáid chéanna, *mutatis mutandis*, nuair a sheolfar nós imeachta i scríbhinn in aon cheann de na Coistí Eolaíocha.

Airteagal 17

Rúndacht

(1) Ní nochtfaidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha faisnéis a gheofar mar thoradh ar obair na gCoistí Eolaíocha nó na meithleacha nó mar thoradh ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo. Chun na críche sin, síneoidh siad dearbhú rúndachta.

(2) Comhlíonfaidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí 2015/443 ([3]) agus 2015/444 ([4]) (AE, Euratom) ón gCoimisiún. Mura gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin gach beart iomchuí a dhéanamh.

([3]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).
([4]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

Airteagal 18

Gealltanas

Gabhfaidh comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus na saineolaithe seachtracha orthu féin go ngníomhóidh siad go neamhspleách, ar mhaithe le leas an phobail agus go gcuirfidh siad go gníomhach le hobair na gCoistí Eolaíocha. Chun na críche sin, síneoidh siad dearbhú gealltanais.

Airteagal 19

Trédhearcacht

(1) Déanfar gníomhaíochtaí na gCoistí Eolaíocha ar leibhéal ard trédhearcachta. Foilseoidh seirbhísí an Choimisiúin na doiciméid ábhartha uile, amhail cláir oibre, miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe; soláthrófar freisin nasc ón gClár de Ghrúpaí Saineolaithe a ghabhann leis an suíomh gréasáin sin. Cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin an méid seo a leanas ar fáil don phobal ar a shuíomh, go háirithe:

(a) an iarraidh ar thuairimí a sheoltar chuig na Coistí Eolaíocha;

(b) cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe na gCoistí Eolaíocha agus miontuairiscí na meithleacha;

(c) na tuairimí eolaíocha a ghlacann na Coistí Eolaíocha, lena n-áirítear na tuairimí mionlaigh agus ainmneacha na rannpháirtithe sna meithleacha a chuir leis an tuairim lena mbaineann; cuirfear tuairimí mionlaigh i leith na gcomhaltaí lena mbaineann;

(d) rialacha nósanna imeachta na gCoistí Eolaíocha;

(e) ainmneacha chomhaltaí na gCoistí Eolaíocha, in éineacht le *curriculum vitae* gach comhalta;

(f) dearbhuithe leasanna, rúndachta agus gealltanais chomhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus na saineolaithe seachtracha.

(2) Cuirfear ainmneacha agus dearbhuithe leasa chomhaltaí na meithleacha ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin tar éis fhoilsiú na tuairime ar chuir siad léi.

Beifear in ann eisceachtaí ón bhfoilsiú a dhéanamh i gcás ina mbainfidh nochtadh doiciméid an bonn de chosaint leasa phoiblí nó leasa phríobháidigh faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

(3) Cuirfear míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil agus rúndacht tráchtála.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Caibidil 5

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 20

Ionadaíocht ar na Coistí Eolaíocha

Gan dochar d'Airteagal 21, cuirfear na Coistí Eolaíocha a bhunaítear le hAirteagal 1 den Chinneadh seo in ionad na gCoistí Eolaíocha atá ann cheana arna mbunú le Cinneadh 2008/721/CE mar a leanas:

(a) cuirfear an Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí in ionad an Choiste den ainm céanna;

(b) cuirfear an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn in ionad an Choiste Eolaíoch um Chineálacha Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil agus an Choiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte Nua-Aitheanta atá ag teacht chun cinn.

Airteagal 21

Forálacha idirthréimhseacha

Leanfaidh na Coistí Eolaíocha uile a bunaíodh le Cinneadh 2008/721/CE de bheith ag feidhmiú i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chinnidh sin, agus beidh a gcomhaltaí in oifig go dtí go gceapfar comhaltaí na gCoistí Eolaíocha arna mbunú leis an gCinneadh seo.

Airteagal 22

Aisghairm

(1) Aisghairtear Cinneadh 2008/721/CE.

(2) Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo. Déanfar tagairtí do na Coistí arna mbunú leis an gcinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí do na Coistí arna mbunú leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Lúnasa 2015.

Thar ceann an Choimisiúin
Vytenis ANDRIUKAITIS
Comhalta den Choimisiún

Iarscríbhinn I

Réimsí Inniúlachtaí

(1) An Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST)

Soláthróidh CEST tuairimí maidir le ceisteanna i ndáil le rioscaí sláinte agus sábháilteachta, go háirithe rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, meicniúla agus fisiciúla eile a bhaineann leis na nithe seo a leanas, arna iarraidh sin do sheirbhísí an Choimisiúin:

(a) táirgí tomhaltais neamhbhia amhail na táirgí seo a leanas:

— táirgí cosmaideacha agus a gcomhábhair, lena n-áirítear nana-ábhar, ruaimeanna gruaige, comhábhair chumhráin;

— táirgí cúraim phearsanta agus táirgí teaghlaigh amhail glantaigh; bréagáin, teicstílí, éadaí, etc.

(b) seirbhísí amhail tatuáil, donnúchán gan ghrian, etc.

(2) An Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (CERSCRTCC)

Soláthróidh CERSCRTCC tuairimí maidir le ceisteanna i ndáil le rioscaí sláinte agus comhshaoil, agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, arna iarraidh sin don Choimisiún.

Go háirithe, soláthróidh an Coiste tuairimí maidir le ceisteanna a bhaineann le rioscaí sláinte agus comhshaoil agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus maidir le saincheisteanna leathana, casta nó ildisciplíneacha a éilíonn measúnú cuimsitheach ar rioscaí a bhaineann le sábháilteacht tomhaltóirí nó leis an tsláinte phoiblí agus saincheisteanna gaolmhara nach gcumhdaítear le comhlachtaí riosca eile de chuid an Aontais.

I measc na réimsí gníomhaíochta tá rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, teicneolaíochtaí nua amhail nanaitheicneolaíochtaí, feistí leighis lena n-áirítear na feistí sin ina n-ionchorpraítear substaintí de bhunús ainmhíoch agus/nó daonna, innealtóireacht fíochán, táirgí fola, laghdú torthúlachta, guaiseanna fisiciúla amhail réimsí torainn agus leictreamaighnéadacha, idirghníomhú na dtosca riosca, éifeachtaí sineirgeacha, éifeachtaí carnacha agus modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí nua. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí air freisin aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le tosca sláinte poiblí agus galair neamh-tharchurtha.

Soláthróidh CERSCRTCC tuairimí freisin maidir le rioscaí a bhaineann le truailleáin sna meáin chomhshaoil agus tosca bitheolaíocha agus fisiciúla eile nó le dálaí fisiciúla atá ag athrú a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol, mar shampla i ndáil le cáilíocht an aeir, uiscí, dramhaíl agus ithreacha, agus ar mheasúnú comhshaoil saolré freisin.

Gan dochar do na hinniúlachtaí a thugtar don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais atá i mbun measúnú riosca, d'fhéadfaí go n-iarrfaí air freisin aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le tocsaineacht agus éiceatocsaineacht comhdhúile ceimiceacha, bithcheimiceacha agus bitheolaíocha a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag a n-úsáid ar shláinte an duine agus an chomhshaoil, lena n-áirítear bithicídí.

Ina theannta sin, tabharfaidh an Coiste aghaidh ar cheisteanna maidir le gné mhodheolaíoch an mheasúnaithe ar rioscaí sláinte agus comhshaoil ceimiceán, lena n-áirítear meascáin de cheimiceáin, de réir mar is gá chun comhairle fhónta chomhsheasmhach a sholáthar ina réimse inniúlachta féin agus chun cur leis na saincheisteanna ábhartha i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí Eorpacha eile freisin.

Iarscríbhinn II

Liúntas Speisialta

(1) Cuireann obair na gCoistí go héifeachtach le feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí, agus le saoránaigh agus an comhshaol a chosaint. Baintear an méid sin amach trí mheastóireacht a dhéanamh ar na sonraí eolaíocha is déanaí atá ar fáil chun measúnú riosca fianaise-bhunaithe fónta agus tráthúil agus comhairle eolaíoch a sholáthar don Choimisiún maidir le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar bheartais an Aontais agus reachtaíocht a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, sábháilteacht tomhaltóirí agus rioscaí comhshaoil. Mar gheall go bhfuil an chomhairle a sholáthraítear sonrach agus de chineál nach bhféadfadh beartas an Aontais lena mbaineann a chuspóirí a bhaint amach dá huireasa, tá comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha i dteideal liúntas speisialta mar a shonraítear le Cinneadh C(2014)2220 ón gCoimisiún.

(2) Tá comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha i dteideal liúntas speisialta lena gcúitítear iad as a rannpháirtíocht, i láthair go pearsanta nó ó chian, agus as a gcuid oibre ullmhúcháin i gcruinnithe na gCoistí, na meithleacha agus gníomhaíochtaí eile a eagraíonn seirbhísí an Choimisiúin a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is é atá sa liúntas speisialta EUR 450 ar a uasmhéid i bhfoirm costais aonaid laethúil le haghaidh gach lae oibre iomláin. Déanfar an liúntas iomlán a ríomh agus a shlánú suas go dtí an méid a chomhfhreagraíonn don leathlá oibre is gaire.

(3) Tá comhaltaí na gCoistí Eolaíocha agus saineolaithe seachtracha i dteideal liúntas speisialta as gníomhú mar rapóirtéir chun iad a chúiteamh as an obair a rinneadh. Déanfar an liúntas speisialta sin a ríomh de réir an lín laethanta oibre is gá chun an obair a dhéanamh. Modhnaítear ríomh an lín laethanta oibre de réir an ualaigh oibre a bhaineann le castacht an ábhair, fad na tréimhse is gá chun an tuairim a chur i gcrích, méid agus inrochtaineacht na sonraí agus na litríochta eolaíche agus na faisnéise atá le bailiú agus le próiseáil agus ar mhéid agus castacht na gcomhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus an teagmháil a dhéantar le comhlachtaí eile, i bhfianaise na gcritéar táscach seo a leanas:

laethanta oibre	Critéir tháscacha
1 lá oibre iomlán amháin	— gnáth-shaincheist shimplí — tuairim bunaithe ar scrúdú ar shainchomhad, agus cuardach teoranta sonraí agus scrúdú teoranta litríochta — gan comhairliúchán poiblí — go táscach, 6 mhí idir an chéad chruinniú agus an cruinniú deireanach
2 lá oibre iomlána	— saincheist chasta — tuairim bunaithe ar shonraí móra agus ar chuardach agus scrúdú litríochta — comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus/nó comhairliúchán leis an bpobal, agus ualach oibre scrúdúcháin lena ngabhann aiseolas teoranta — go táscach, ó 6 mhí go 12 mhí idir an chéad chruinniú agus an cruinniú deireanach
3 lá oibre iomlána	— saincheist an-chasta — an gá le cuardach agus anailís an-leathan sonraí agus litríochta — comhairliúcháin fhorleathana chasta le páirtithe leasmhara, leis an bpobal agus le comhlachtaí eolaíocha eile, agus aiseolas tábhachtach a bhfuil scrúdú le déanamh air — go táscach, níos mó ná 12 mhí idir an chéad chruinniú agus an cruinniú deireanach

(a) I ngach cás sonrach, ar bhonn na gcritéar a luaitear sa tábla thuas, léireoidh seirbhísí an Choimisiúin an liúntas iomlán le haghaidh an rapóirtéara. Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin an liúntas a mhodhnú le linn na hoibre ullmhúcháin le haghaidh na tuairime arna hiarraidh má tá údar leis sin de bharr athruithe gan choinne i ndáil leis na critéir ábhartha.

(b) I gcás ina bhfuil gá le níos mó ná rapóirtéir amháin chun tuairim a thabhairt, déanann seirbhísí an Choimisiúin an liúntas iomlán is infheidhme do gach rapóirtéir a ríomh i bhfoirm na laethanta oibre is gá chun an obair a dhéanamh, agus na critéir ábhartha thuas agus na cúraimí sonracha a shanntar do gach rapóirtéir á gcur san áireamh.